Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Iúil 2020
(OR. en)

12292/18

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0311 (NLE)**

**MAMA 148**
**MED 45**
**TU 12**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát, agus cur i bhfeidhm Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh |

**CINNEADH (AE) 2018/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát,**
**agus cur i bhfeidhm Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara**
**lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha**
**agus a mBallstáit, de pháirt amháin,**
**agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile,**
**chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 217 de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, agus go háirithe Airteagal 6(2) di,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Iúil 1995, síníodh sa Bhruiséil an Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile[1], ("an Comhaontú"). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Márta 1998.

(2) Tá Poblacht na Cróite ina Ballstát den Aontas Eorpach ón 1 Iúil 2013.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) d'Ionstraim Aontachais Phoblacht na Cróite, tá aontachas Phoblacht na Cróite leis an gComhaontú le comhaontú trí phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú ("an Prótacal"). Faoi nós imeachta simplithe, tá prótacal le tabhairt i gcrích idir an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil thar ceann na mBallstát, agus an tríú tír lena mbaineann.

1 IO L 97, 30.3.1998, lch. 2.

(4) An 14 Meán Fómhair 2012, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht leis na tríú tíortha lena mbaineann i bhfianaise aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas. Tugadh an chaibidlíocht le Poblacht na Túinéise i gcrích go rathúil an 11 Bealtaine 2018.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Prótacal a shíniú thar ceann an Aontais agus a Bhallstát agus ba cheart é a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta is gá chun é a thabhairt i gcrích,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear síniú an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus a chuid Ballstát, a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na Túinéise, den pháirt eile, chun aontachas Phoblacht na Cróite leis an Aontas Eorpach a chur san áireamh, faoi réir thabhairt i gcrích an Phrótacail sin.

Tá téacs an Phrótacail i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Leis seo, tugtar údarás d'Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a dtugtar de chumhacht dó nó dóibh an Comhaontú a shíniú, thar ceann an Aontais agus a Bhallstát.

*Airteagal 3*

Cuirfear an Prótacal i bhfeidhm ar bhonn sealadach amhail ón 1 Iúil 2013, go dtí go gcríochnófar na nósanna imeachta is gá chun é a thabhairt i gcrích.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*